2025/1987

30.9.2025

CINNEADH (CBES) 2025/1987 ÓN gCOMHAIRLE

an 29 Meán Fómhair 2025

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2023/963 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do réigiún na Murascaille

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 33, i gcomhar le hAirteagal 31(2), de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Bealtaine 2023, chomhaontaigh an Chomhairle Ionadaí Speisialta de chuid an Aontais Eorpaigh a cheapadh do réigiún na Murascaille.

(2) An 15 Bealtaine 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/963 [1], lena gceaptar Luigi DI MAIO mar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh (ISAE) do réigiún na Murascaille ón 1 Meitheamh 2023 go dtí an 28 Feabhra 2025.

(3) Ba cheart an méid tagartha airgeadais don tréimhse sin a thabhairt cothrom le dáta.

(4) Ba cheart Cinneadh (CBSC) 2023/963 a leasú dá réir sin.

(5) Cuirfidh ISAE an sainordú chun feidhme i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh iad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 5(1) de Chinneadh (CBES) 2023/963, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'1. Is é EUR 1 997 000 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann le sainordú ISAE don tréimhse ón 1 Meitheamh 2023 go dtí an 28 Feabhra 2025 a chumhdach.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. BØDSKOV

[1] Cinneadh (CBES) 2023/963 ón gComhairle an 15 Bealtaine 2023 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Réigiún na Murascaille (IO L 129, 16.5.2023, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/963/oj).